

I DTREO COMHAONTÚ AGUS ATHMHUINTEARAS AMACH ANSEO

Beartas Shinn Féin as Athmhuintearas agus Cneasú - Meitheamh 2016



RÉAMHRÁ

Is páirtí poblachtach Éireannach é Sinn Féin. Is iad ár bpríomhchuspóirí polaitiúla:

- » Deireadh a chur leis an gcríochdheighilt; agus
- » Daonlathas nua náisiúnta a thógáil atá comhaontaithe, sainithe agus múnlaíthe ag comhthoil na saoránach uile.

I mbliana, comóradh céad bliain Éirí Amach 1916, athdhearbhaíonn Sinn Féin ár dtiomantas athmhuintearas agus cneasú a bhaint amach. Mar phríomhthosaíocht pholaitiúil treoróidh seo ár gcur chuige laistigh de gach institiúid pholaitiúil, ár gcur chuige i leith ócáidí comórtha stairiúla agus ár rannpháirtíocht le gach tuairim pholaitiúil agus sinn ag féachaint le forbairt a chur i gcrích amach anseo atá sainithe ag an gcomhionannas, ag an meas agus ag an bpaireacht ghradaim.

Do phoblachtaigh ba dhlúthchuid de straitéis choilíneach na Breataine í críochdheighilt na hÉireann. Ba é a gcur chuige ‘scar agus treascair’ a chruthaigh agus a bhunaigh an éagóir. Bhunaigh an seicteachas institiúideach í. Chothaigh an chríochdheighilt chomh maith deighiltí doimhne pearsanta, pobail agus sochaíocha atá ann fós. Ba é an pholaitíocht seo an eisiaimh a d’éascaigh an faitíos agus an t-amhras a ghríosáigh an choimhlint. Tá sé ríthábhachtach deireadh a chur leis an gcríochdheighilt agus dul i ngleic lena tionchar, lena hoidhreacht agus lena hiarmhairteanna má táimid le plé leis an am a chuaigh thart agus comhaontú agus athmhuintearas a fhorbairt amach anseo.

Is é an bonn eolais atá lenár gcur chuige i leith an athmhuintearais agus an chneasaithe ná:

- » An gá bheith leochaileach maidir le gach gortú, cailteanas agus pian;
- » An gá na heispéiris dhaonna go léir ar choimhlint ar fud na sochaí a aithint, ar an oileán seo agus níos faide i gcéin;
- » An gá do gach páirtí polaitiúil agus gach earnáil den tsochaí bheith ag obair ar mhaithe leis an leas coiteann agus lena chinntiú nach gcuirfidh oidhreacht an ama a chuaigh thart cosc ar chneasú agus ar chomhroinnt an dóchais go mbeidh an saol níos fearr amach anseo;
- » An gá le comhghuaillíocht choitianta chuimsitheach a chruthú a threoróidh agus a fheabhsóidh dioscúrsa poiblí ar athmhuintearas agus cneasú;
- » An gá le beartas poiblí a mhúnlú, a bhfuil athmhuintearas ina chroílár agus a fhéachann le caidreamh poiblí a fheabhsú agus leas saolta agus le deiseanna saoil gach saoránaigh a fheabhsú.

Eascraíonn an beartas athmhuintearais seo ón tionscnamh Uncomfortable Conversations a lainseáladh in Márta 2012. Ba aitheantas follasach an tionscnamh seo ar a leanas: “Caithfidh poblachtaigh tabhairt faoi na fíorfhaitís atá ar Aontachtaigh ar bhealach bríoch”. Sa bheartas seo leagaimid amach smaointeoireacht ar conas a thuigimid athmhuintearas, agus conas is féidir le hathmhuintearas cabhrú le saol níos fearr a chruthú amach anseo. Tugtar breac-chuntas freisin sa bheartas ar roinnt gníomhartha praiticiúla a fheabhsóidh próiseas na síochána.

CONAS A THUIGIMID ATHMHUINTEARAS

Is sprioc é an t-athmhuintearas, rud éigin le baint amach, agus próiseas, bealach leis an sprioc sin a bhaint amach. Is é an spás poiblí inar féidir linn dul i ngleic i gcomhar a chéile leis na príomhdhúshláin, an fhírinne, agus aitheantas laistigh den chomhthéacs ina bhfuilimid ag tógáil don am seo amach. Chun chríocha an bheartais seo dírimid ar fhorbairt an athmhuintearais mar phróiseas: próiseas atá oscailte agus a fhéachann le féidearthacht an athmhuintearais a chur taobh amuigh de chur agus cúiteamh na polaitíochta.

Dar linn tá roinn tuairimí bunúsacha ann ar chóir dóibh próiseas bríoch athmhuintearais agus cneasaithe a shainiú:

- » Tugann an t-athmhuintearas caoi le brí úr a chur sa pholaitíocht, ag oscailt, ag an am céanna, céim úr i bpróiseas na síochána;
- » Is próiseas uilechuimsitheach é an t-athmhuintearas. Caithfidh sé bheith oscailte do chách agus gach tuairim, féiniúlacht agus mian a chuimsiú. Caithfidh sé fócas uile-oileáin agus Thoir-Thiar a bheith aige chomh maith;
- » Caithfidh próisis athmhuintearais bheith saindeartha agus freagrach ar thoscaí. Díreach mar a ceapadh Próiseas na Síochána le tabhairt faoin gcoimhlint, caithfidh ceapadh próisis athmhuintearais tacair nua caidreamh a chruthú chomh maith, atá in ann na dálaí le haghaidh dul chun cinn polaitiúil a chruthú agus athmhuintearas a fheabhsú go háitiúil, go réigiúnach agus go náisiúnta.
- » Glacfaidh an t-athmhuintearas agus an cneasú am.

Cén fáth an gá le hathmhuintearas?

Tá sochaí na hÉireann fós le plé leis na dochair, leis na faitís agus leis an mímhúinín ón gcoimhlint. In ainneoin a bhfuil déanta ag Poblachtaigh agus ag a lán daoine eile, tá iarrachtaí an saol a dhéanamh níos fearr don am as seo amach faoi scáth fada oidhreacht na coimhlinte agus na deighilte. Ina chroílár caithfidh próiseas athmhuintearais agus cneasaithe talamh coiteann a chruthú le plé leis na faitís agus na ceisteanna gan fhreagairt ón am a chuaigh thart agus an smaointeoireacht agus na gníomhartha a chruthóidh cosán ón am a chuaigh thart go dtí an t-am amach romhainn.

Athmhuintearas mar thalamh coiteann

Do Shinn Féin tá dlúthbhaint ag an athmhuintearas agus ag an gcneasú le saol amach anseo a mhúnlú a chuidíonn linn bogadh amach as naimhdeas stairiúil. Is é ár ndearcadh go gcaithfidh an saol polaitiúil an t-athmhuintearas a spreagadh, tairbhe a bhaint as agus tacaíocht a thabhairt dó. Caithfidh an t-athmhuintearas agus an cneasú bheith ina leigheas ar an gcoimhlint agus an naimhdeas san am a chuaigh thart.

Caithfidh aon phróisis athmhuintearais amach anseo féachaint le talamh coiteann a chruthú mar a gcomhdhírítear ar thógáil don am atá le teacht. Caithfidh an talamh coiteann seo bheith sainithe ag:

- » Glacadh le comhionannas, meas agus paireacht ghradaim;
- » Glacadh le hinsintí agus mianaidhmeanna éagsúla;
- » Glacadh leis go dtabharfar dúshlán don seicteachas, don deighilt sheicteach agus do gach cineál éadulaingthe, claontachta agus biogóideachta.

Admhaíonn Sinn Féin obair ríthábhachtach athmhuintearais ag pobail áitiúla, eagraíochtaí sibhialta, ceardchumann, institiúidí oideachais, eagraíochtaí gnó, pobail chreidimh agus ár bpobail nua. Leis an athmhuintearas a chur chun tosaigh agus a fheabhsú glacfaidh sé comhoibriú agus obair as lámh a chéile i ngach earnáil den tsochaí. Ba chun sochair do phróisis agus do ghníomhaíochtaí, áfach, a bheadh rannpháirtíocht iomlán, comhordú níos fearr agus ailíniú acmhainní laistigh de chreat athmhuintearais comhaontaithe.

Leis an athmhuintearas a fheabhsú:

- » Tá Sinn Féin tiomanta do thacú le comhghuaillíocht phoiblí don athmhuintearas a bhainfidh tairbhe as tacaíocht, agus a thabharfaidh chun cinn smaointe beartais a chuideoidh le dul chun cinn agus a uasmhéadóidh rannpháirtíocht.

TIOMANTAS POBLACHTACH DON ATHMHUINTEARAS

Bunús Stairiúil

Tá tiomantas idé-eolaíoch go fóill ag Sinn Féin na dálaí a chruthú le haghaidh Éire Aontaithe nua chomhaontaithe. Tá bunús ár bPoblachtánachais sna smaointe polaitiúla agus eacnamaíocha a shéid tríd an Eoraip agus Stáit Aontaithe Mheiriceá i ndeireadh an ochtú haois déag. Cuireadh seo in iúl nuair a bunaíodh Cumann na nÉireannach Aontaithe, a d'fhéach le neamhspleáchas na hÉireann a bhaint amach trí aontacht idir Caitlicigh, Protastúnaigh agus Easaontóirí. Ba iad a chuir chun cinn an comhionannas, an bráithreachas agus an tsaoirse. Bhí na hÉireannaigh Aontaithe deimhin de bheith frithsheicteach chomh maith. Ba iad a thug isteach fealsúnacht nua bunaithe ar chearta i sochaí na hÉireann.

Ag cloí leis an bhfís sin, tá Sinn Féin fós tiomanta Éire chomhaontaithe agus aontaithe a bhaint amach, mar a bhfuil flaitheas inár bpobal go léir, is cuma faoina ndearcadh reiligiúnach, féiniúlacht chultúrtha, ceangal polaitiúil, bunús eitneach nó claonadh gnéis. Tá an tiomantas seo don chomhionannas uilíoch agus seasamh le cearta gach saoránaigh lárnach i bhfís Shinn Féin le haghaidh Éire chomhaontaithe agus aontaithe.

Forógra na Cásca 1916

Bhí fíis ag sínitheoirí Fhorógra na Cásca 1916 de Phoblacht a “dhearbhódh saoirse chreidimh agus shibhialta, cearta comhionanna agus deiseanna comhionanna dá shaoránaigh uile”. Cuireann doiciméad bunaidh seo an Phoblachtánachas na hÉireann i gcuimhne do gach Poblachtach ár dtiomantas idé-eolaíoch don chomhionannas. Tá Forógra na Cásca 1916 fós ina chairt saoirse a dhearbhaíonn saoirse chreidimh agus shibhialta do chách. Do Phoblachtaigh is doiciméad beo é Forógra na Cásca 1916: tá sé fréamhaithe i bprionsabail an fhrithsheicteachais agus labhraíonn sé le gach Éireannach, fear agus bean, ar chomhchéim. Prionsabail atá chomh hábhartha in 2016 agus a bhí siad in 1916. Threoraigh agus mhúnlaigh na prionsabail seo an beartas athmhuintearais seo.

Tugann comóradh céid Éirí Amach na Cásca 1916 agus Cath an Somme fíordheis do Phoblachtaigh dul i ngleic le hinsintí agus eispéiris éagsúla na nAontachtach ar an tréimhse sin. Ach éisteacht agus dul i ngleic leis an iliomad insintí tá fíordheis ann tuiscintí nua a fhorbairt a threoróidh agus a mhúnlóidh cultúr comhroinnte comórtha ar fud an oileán seo.

Tiomantas Poblachtach don Athmhuintearas: Lámh a Shíneadh

Tá cruinnithe Martin McGuinness leis an mBanríon Elizabeth in 2012, agus arís in 2014, ag príosún Bhóthar Chromghlinne, gan réamhshampla i stair na hÉireann agus na Breataine. Cuireadh leis seo nuair a d'fhreastail Martin McGuinness agus daoine eile ó pháirtí Shinn Féin ar chuairt stáit Éireannach i gCaisleán Windsor, agus cruinniú Uachtarán an Pháirtí, Gerry Adams, leis an bPrionsa Charles in 2015. Leis na cruinnithe seo féachadh, i gcaoi shiombalach, le lámh an chairdis a shíneadh d'Aontachtóirí.

Go deimhin, ba mhór an suntas a cheangail Poblachtaigh leis na cruinnithe idir Martin McGuinness agus Gerry Adams agus an Prionsa Charles, mar an duine Ríoga Briotanach is mó a bhfuil baint aige le fórsaí míleata na Breataine. Ghlac siad a lán iarrachta, calmachta agus díocais ar gach taobh le go dtarlódh siad. Ach, nuair a dhéantar iad le cómheas agus comhionannas, is féidir le comharthaí agus tionscnaimh tionchar an-dearfach a bheith acu agus eiseamláir a thabhairt don mhórshochaí.

Ach, cé go bhfuil cruinnithe mar seo suntasach go stairiúil, agus tábhachtach le próiseas na síochána a bhogadh chun cinn, is dúshlán do Phoblachtaigh chomh maith iad. Tá seo mar gheall, go pointe, ar an iliomad cneá gan chneasú sa phobal Náisiúnach atá fréamhaithe in oidhreacht chríochdheighilt, gabháil agus fhoréigean stáit na Breataine. Tuigeann Sinn Féin go hiomlán na heispéiris seo. Inár ngnóthaí go léir le Teaghlach Ríoga na Breataine, is maith is eol dúinn agus táimid leochaileach maidir le conas a thuigeann a lán teaghlach faoi mhéala bunaíocht mhíleata na Breataine.

Mar fhianaise ar ár rún agus ár dtiomantas an t-athmhuintearas a fheabhsú tá Sinn Féin tar éis tabhairt faoi shraith tionscnamh ardaíthe muiníne. Ina measc seo bhí Méaraí Shinn Féin ag leagan fleasca labhrais ag leacht cuimhneacháin an Chéad Chogadh Domhanda i gcuimhne shaoránaigh uile Bhéal Feirste a fuair bás i gcoimhlint. Tá ionadaithe Shinn Féin i ról cheannasaíochta shibhialta tar éis tabhairt faoi thionscnaimh chomh maith a léiríonn tiomantas ár bpáirtí cultúr cuimhneacháin measúil a mhúnú. Mar pháirtí d'fhorbraíomar freisin an Lá Machnaimh a bhíonn ann ar Lá Idirnáisiúnta Ceart. Ba é seo ár gcéad iarracht luach a chur ar stair agus ar chultúr daoine eile agus le ceannasaíocht shibhialta a chur ar fáil maidir le conas ba chóir dúinn mar shochoaí aitheantas a thabhairt dóibh siúd uile a cailleadh mar gheall ar chogadh agus ar choimhlint.

Tá Sinn Féin fós tiomanta do dhul i ngleic leis an gceist a bhaineann le cuimhneachán a dhéanamh le humhlaíocht, samhlaíocht agus fíis. Go deimhin, dá bhfreagrófaí iarrachtaí Shinn Féin ba mhór an cuidiú d'iarrachtaí próisis reatha a leathnú, a fheabhsú agus a dhoimhniú.

Leis an athmhuintearas a fheabhsú:

- » Leanfaidh Sinn Féin ar aghaidh bheith samhlaíoch agus cruthaitheach agus tionscnaimh a dhéanamh a fheabhsaíonn an t-athmhuintearas agus an cneasú;
- » Geallfaidh Sinn Féin cion dearfach a dhéanamh comhchultúr cuimhneacháin a fhorbairt atá cuimsitheach, measúil agus bunaithe ar phaireacht ghradaim agus a thugann aitheantas ar gach duine a cailleadh i gcoimhlint.
- » Freagróidh Sinn Féin go dearfach ar chuirí chuig cuimhneacháin chomhroinnte mar a gcuirfidh ár láithreach le torthaí maidir le hathmhuintearas agus cneasú.

DUL I NGLEIC LE HOIDHREACTH AN AMA ATÁ THART

Tá an próiseas polaitiúil fós faoi scáth oidhreachta na coimhlinte agus conas déileáil lena hiarmhairteanna. Tá sé níos measa mar gheall ar rialtas na Breataine ag brú crosadh ‘slándála náisiúnta’ a chuir cosc ar chomhaontú ar cheisteanna oidhreachta i gComhaontú an Túis Úir (2016). Baineann an crosadh ‘slándála náisiúnta’ le heolas a nochtadh do theaghlach, rud atá lárnach do na meicníochtaí fiosruithe agus athghabhála eolais oidhreachta araon. Le dea-mhéin thug Sinn Féin chun tosaigh roghanna le tabhairt faoi na hábhair inní seo. Tá na roghanna seo diúltaithe ag rialtas na Breataine.

Mar gheall ar dhrogall rialtas na Breataine a n-oibleagáidí maidir le cearta daonna a chomhlíonadh le hacmhainní a chur ar fáil d’fhiosruithe agus le fiosruithe a choimisiúnú maidir le maruithe stáit tá ceist na hoidhreachta níos measa fós. Is sárú leanúnach a gcur chuige bacóireachta ar chearta teaghlach atá ag lorg na fírinne agus na córach. Go bunúsach, ní hé amháin nach bhfuil dolúbthacht agus sotal polaitiúil rialtas na Breataine ar cheist na hoidhreachta dochosanta, náireach agus dímheasúil do theaghlach, ach cuireann sé an próiseas polaitiúil faoi bhrú míchuí. Ina ainneoin seo tá Sinn Féin fós go hiomlán tiomanta do réiteach ar cheist na hoidhreachta, a chinntíonn nochtadh iomlán do theaghlach.

An gá le samhlaíocht, flaithiúlacht agus comhréiteach

Is é cur chuige Shinn Féin i leith an athmhuintearais ná a chinntiú nach mbeidh na dálaí a chruthaigh agus a bhunaigh coimhlint ann arís go deo. Cé nach féidir linn dearmad a dhéanamh ar an am a caitheamh, agus iarmhairteanna daonna a bhaineann le cailteanas agus coimhlint, tá sé ríthábhachach nach mbeidh na glúine atá le teacht faoi ghlas ag an oidhreachta seo agus na hiarmhairteanna a bhaineann léi. Mura dtéimid i ngleic le hoidhreachta an ama atá caite rachaimid tríd an doicheall agus an ainnise arís agus arís eile. Níl sé seo inchosanta.

Is maith is eol do Phoblachtaigh go mbeidh dúshlán ann do chách má théitear i ngleic le ceisteanna oidhreachta. Agus sinn ag féachaint leis an athmhuintearas a bhaint amach feasta beidh an dúshlán ag Poblachtaigh tionchar daonna a ngníomhartha sa choimhlint a aithint. Ach éileoidh seo orthu siúd i mbunaíocht na Breataine agus ar Aontachtaigh gníomhartha stát na Breataine a aithint, agus eispéireas Náisiúnaithe a mhair i stát míleata a chleacht leithcheal agus polaitíocht eisiach go hoscailte. Cé gurbh fhéidir nach mbeidh comhaontú ann choíche maidir le hinsintí ar an am atá caite againn, nó ar chúiseanna na coimhlinte, ar mhaithe le hathmhuintearas is gá ar a laghad a thuiscint agus a aithint go bhfuil insintí éagsúla ann.

Le taispeáint gur rún dúinn dul chun cinn a dhéanamh ar cheist na hoidhreachta ghéill Sinn Féin sna caibidlí a mhúnlaigh Comhaontú Theach Stormont (2014) cé go ndearbhaímid gur ag próiseas aisghabhála fírinne a bheadh an mhuinín is gá, agus gur aige sin a bheadh an cur chuige is fearr le dul i ngleic leis an am atá caite.

Méala agus Cailteanas na nÍospartach go Léir a Aithint

Aithníonn Sinn Féin an méala a bhaineann le gach uile dhuine a cailleadh sa choimhlint. Tá sé tuillte ag gach íospartach go n-aithneofaí iad agus go gceasódh a bpian agus a gcaillteanas. Ní féidir aon ordlathas íospartach a bheith ann nuair a bhaineann sé le cailteanas an oiread sin teaghlach a aithint. Is eol dúinn freisin go bhfuil an iliomad daoine ag maireachtáil le cneácha síceolaíocha agus fisiceacha ón gcoimhlint.

Ní féidir an t-am a caitheamh a athrú nó a bhfuil déanta a chur ar neamhní, nó ní féidir an fhulaingt, an gortú nó an phian a shéanadh. Ach tá sé ríthábhachtach go ndéanfaidh gach gníomhaire sa choimhlint cion dearfach i leith an athmhuintearais agus an chneasaithe a chuidíonn le gach teaghlach. Tá drogall stát na Breataine cur i gcoinne na saoirse ó phionós agus tabhairt faoi riachtanais na n-íospartach go léir tar éis stad a chur, gan cheist, ar dhul chun cinn i dtreo an athmhuintearais agus an chneasaithe. Tá íospartaigh agus daoine a tháinig slán ar gach taobh.

Leis an athmhuintearas a fheabhsú:

- » Tá Sinn Féin tiomanta plé go cuimsitheach le ceist na hoidhreachta trí fheidhmiú iomlán na meicníochtaí oidhreachta a rianaítear i gComhaontú Theach Stormont;
- » Tá Sinn Féin tiomanta seirbhísí ar ardchaighdeán a chur ar fáil ag an bpointe riachtanais agus a théann i ngleic le riachtanais na n-íospartach go léir;
- » Tá Sinn Féin tiomanta cur chuige atá leochaileach ó thaobh inscne de a dhaingniú i leith gach meicníochta le plé leis an am a caitheamh;
- » Tá Sinn Féin tiomanta plé go leanúnach le teaghlaigh a chaill daoine nó ina bhfuil daoine a gortaíodh go dona go fisiceach, lena n-áirítear daoine ar ghortaigh gníomhartha Poblachtacha iad nó a gortaíodh mar gheall ar ghníomhartha Poblachtacha. Tá Sinn Féin tiomanta teagmhálacha mar seo a thabhairt chun cinn le bá agus le humhlaíocht;
- » Tá Sinn Féin tiomanta an fhéidearthacht claochlaithe a bhainfeadh le comhghníomh aitheantais a fhiosrú. D'fhéadfadh a leithéid de chomhaitheantas ag gach taobh – Briotanach, Éireannach, Poblachtach agus Aontachtach – ar an ngortú agus ar an éagóir a rinne cách ar a chéile, d'fhéadfadh sé fuinneamh úr cumhachtach a chur i bPróiseas na Síochána;
- » Tá Sinn Féin tiomanta a fhiosrú conas is fearr cuimhniú ar gach íospartach den choimhlint.

TÓGÁIL AR SON AN AMA ATÁ LE TEACHT

Le tógáil ar son an ama atá le teacht beidh institiúidí feidhmiúla agus cuntasacha ag teastáil a chomhlíonann riachtanais gach saoránaigh ar bhonn comhionannais, measa agus paireachta gradaim. Éileoidh sé caidrimh nua ar an oileán seo agus leis na hoileáin in aice linn. Le tógáil ar son an ama atá le teacht beidh gá le comhfhís a chruthú a chuireann in iúl treo ina bhfuilimid ag dul feasta, mar a gcumhdaítear cearta agus mar a bhfuil comhurrann ar gach traidisiún: Glas, Oráiste agus ár bpobail nua.

Fís le haghaidh Éire Nua Comhaontaithe Aontaithe

Thug Comhaontú Aoine an Chéasta (1998) agus na comhaontuithe polaitiúla ina dhiaidh sin an creat polaitiúil agus na prionsabail rialaithe le gníomhú na polaitíochta ar an oileán seo agus ar an oileán in aice linn a éascú. Ina chroílár chuir Comhaontú Aoine an Chéasta in iúl trí thacar caidreamh ar leith: caidrimh laistigh de Thuaisceart na hÉireann; idir muintir na hÉireann agus idir oileán na hÉireann agus oileán na Breataine a léiríonn ár bhféiniúlachtaí casta. Léirigh na caidrimh institiúideacha seo ár stair chasta chomhroinnte, ag cruthú ag an am céanna dálaí inarbh fhéidir gach mianaidhm pholaitiúil a lorg go daonlathach.

Ceapadh prionsabail cheangailteacha Chomhaontú Aoine an Chéasta le fíorpholaitíocht dhaonlathach a spreagadh: bunaithe ar theimpléad nua gan seicteachas nó dearthaí. Cé go bhfuil fís ag Sinn Féin le haghaidh Éire Aontaithe

Chomhaontaithe agus Aontaithe, is maith is eol dúinn go bhfuil fíís éagsúil ag daoine eile. Tá Sinn Féin tiomanta dispeansáid pholaitiúil nua a mhúnlú inar féidir le saoránach bheith Éireannach agus Aontachtach, mar ar féidir le duine féiniúlacht Bhriotanach a éileamh agus bheith compordach ar an oileán seo.

Ról Institiúidí Polaitiúla

Creideann Sinn Féin go gcaithfear an comhthéacs polaitiúil agus sóisialta, go háirithe sa tuaisceart, a athrú ó bhonn le dul i ngleic go cuimsitheach le seicteachas agus le hidirscaradh. Tá sé sa chomhthéacs seo go léiríonn Comhaontú an Túis Úir (2016) an gá le héifeachtacht na n-institiúidí polaitiúla uile a fheabhsú, ag a bhfuil ról mór ag cruthú na ndálaí le hathmhuintearas agus cneasú a éascú go háitiúil, go réigiúnach agus go náisiúnta. Ní féidir próiseas an athmhuintearais a bheith teoranta, áfach, ag gnó laethúil na polaitíochta: caithfidh seo bheith ina spás poiblí ina bhfuil tiomantas fíís chomónta don am seo amach a chur le chéile.

Tá Sinn Féin tiomanta a chinntiú go bhfeidhmíonn gach institiúid pholaitiúil ceannasaíocht dhearfach agus go gcomhaontaíonn siad luachanna, caighdeán agus spriocanna a fheabhsóidh dea-chaidrimh agus athmhuintearas. Táimid tiomanta a chinntiú go dtugann an Tionól sa Tuaisceart agus an Feidhmeannas roinnte cumhachta ceannasaíocht le heiseamláir agus go léiríonn siad, i gcosúlacht agus go praiticiúil, a dtiomantas pobal cobhsaí agus comhtháite atá sainithe ag comhionannas, meas agus paireacht ghradaim.

Go bunúsach caithfidh an Tionól sa Tuaisceart agus an Feidhmeannas roinnte cumhachta, agus go deimhin gach institiúid pholaitiúil eile, an t-athrú a lorgann siad i bpobail a léiriú agus a athmhúnlú. Caithfidh seo tacaíocht a fháil ó thiomantas laistigh de Chomhairlí gníomhú mar lóchrainn athmhuintearais agus cneasaithe. Go praiticiúil caithfidh siad a n-oibleagáidí Alt 75 a chomhlíonadh lena chinntiú go bhfuil comhionannas deiseanna agus dea-chaidreamh lárnach i gceapadh beartais, soláthar seirbhíse agus leithroinnt acmhainní.

Ról Beartais Phoiblí

Le hathmhuintearas a chur chun tosaigh beidh gá le ceapadh praiticiúil beartais le tabhairt faoin tseicteachas, faoin leithscaradh seicteach agus deighilt fhisiceach go héifeachtach. Tá ról ag beartas poiblí an chomhroinnt a spreagadh, an t-imeascadh a chur chun cinn agus seirbhísí poiblí éifeachtúla a sholáthar. Tá an smaointeoireacht seo ag croílár Chomhaontú an Túis Úir.

Tá príomhfheidhm ag beartas poiblí dul i ngleic le costas na deighilte a eascraíonn ó oidhreacht na críochdheighilte agus leithscaradh seicteach na sochaí sa tuaisceart. Beidh sé seo ríthábhachtach má tá ranna, comhairlí dúiche agus contae agus eagrais phoiblí le torthaí a bhaineann le dea-chaidreamh agus athmhuintearas a sholáthar.

Leis an athmhuintearas a fheabhsú:

- » Tá Sinn Féin go hiomlán tiomanta a chinntiú go n-imríonn an Tionól sa Tuaisceart agus an Feidhmeannas roinnte cumhachta ról ceannasach ag cur chun cinn an athmhuintearais;
- » Tá Sinn Féin tiomanta a chinntiú go bhfuil fócas soiléir athmhuintearais ag ranna rialtais, comhairlí dúiche agus contae agus eagrais phoiblí, a bhfuil d'fhianaise air a dtiomantais don chomhionannas agus go ndéantar gach mórchinneadh beartais a phrofáil maidir le dea-chaidreamh.

Dul i ngleic leis an Seicteachas agus leis an Leithscaradh Seicteach

Is bac mór fós roimh shaol nua a chruthú amach anseo é dul i ngleic le cultúr agus le cleachtas an tseicteachais agus leis an leithscaradh seicteach. A fhad is go bhfuil seo gan dúshlán, coinneofar an deighilt agus an t-easaontas ag dul, leanfaidh an éadulaingt agus an bhíogóideacht, agus beidh féidearthacht na neamhchobhsaíochta agus na coimhlinte ann i gcónaí. Táimid tiomanta a chinntiú go bhfeidhmíonn institiúidí polaitiúla ceannasaíocht shibhialta dhearfach leis na buntáistí sóisialta agus eacnamaíocha a bhaineann le comhroinnt agus le himscaradh a chur chun cinn.

Tá Sinn Féin tiomanta dúshlán a thabhairt don seicteachas ina chruthanna go léir agus forbairt cultúr measa ar gach traidisiún a chinntiú. Táimid tiomanta sainmhíniú nua dlíthiúil ar an seicteachas a chomhaontú, a bheadh daingnithe sa reachtaíocht. Bheadh forálacha láidre san áireamh a bhaineann le gríosú fuatha. Ba cheart dó tarraint ar an saothar mór i reachtaíocht na hAlban agus an obair atá déanta ag Nil by Mouth, carthanacht atá ann nach bhfuil de chuspóir acu ach sochaí saor ón seicteachas a bhaint amach atá saor ón seicteachas mar a léirítear meas ar éagsúlacht chultúrtha agus creidimh agus mar a gceiliúran cách iad.

Tá Sinn Féin tiomanta a chinntiú go bhfuil léiriú cultúrtha dearfach, leochaileach agus neamhionsaitheach agus treoraithe ag prionsabail an chomhionannais agus na paireachta gradaim. Tá Sinn Féin tiomanta, thairis sin, a chinntiú go gcaithfear leithdháileadh cistí poiblí le haghaidh ceiliúradh cultúrtha a dhéanamh go cothrom agus go cothromasach agus ar bhealach nach mbuanaíonn an seicteachas ach atá leochaileach maidir le féiniúlachtaí agus mianaidhmeanna gach duine eile. Is é an leibhéal seo measa do gach traidisiún in Éirinn an túsphointe le haghaidh Éire chomhaontaithe agus aontaithe.

Leis an athmhuintearas a fheabhsú:

- » Pléifidh Sinn Féin go dearfach leis an gCoimisiún ar Bhratacha, Féiniúlacht agus Traidisiún mar a rianaítear i gComhaontú an Túis Úir (2016) agus é ag féachaint le moltaí a cheapadh a phléann le cineálacha éagsúla an léirithe chultúrtha.

An t-athmhuintearas mar chosán go saol níos fearr feasta

Creideann Sinn Féin gur féidir le próiseas cuimsitheach athmhuintearais cosán a chruthú i dtreo saol níos fearr amach anseo. Cuirfidh a leithéid de phróiseas freagracht ar Phoblachtaigh gach cuid a áitiú agus a chur i luí ar gach cuid dár sochaí maidir le fiúntas agus inmharthanacht ár bhfíse don am amach anseo. Cuireann sé freagracht ar rialtas na hÉireann agus ar rialtas na Breataine freisin bheith ina n-áititheoirí ar son an athmhuintearais agus an chneasaithe. Caithfidh aon phróiseas athmhuintearais amach anseo bheith sainithe ag áitiú, díospóireacht agus argóint. Tá Sinn Féin tiomanta plé le gach cuid de shochaí na hÉireann le héisteacht, roinnt agus fiosrú maidir le cruth saoil amach anseo atá cuimsitheach agus comhaontaithe.

Tá a lán le foghlaim ó Lá Athmhuintearais Phoblacht na hAfraice Theas a tháinig i bhfeidhm in 1994 tar éis dheireadh an apartheid, leis an rú uafás eachtraí san am a caitheamh a réiteach le geallúint an tsaoil chomhroinnte le chéile feasa, is cuma faoi chine, cultúr nó creideamh. Is saoire phoiblí é a bhíonn ann gach bliain ar an 16 Nollaig. Ag tarraing ar eispéireas Phoblacht na hAfraice Theas, tá Sinn Féin tiomanta Lá Athmhuintearais a cheapadh a léiríonn dílseachtaí éagsúla ach a chuireann in iúl tiomantas saol níos fearr a chruthú feasta.

Comhghuaillíocht ar son Athmhuintearais: Ról na Sochaí Sibhialta

Le hathmhuintearas agus cneasú a fheabhsú beidh comhcheannasaíocht sochaí agus tiomantas ó phobail áitiúla, eagraíochtaí sibhialta, ceardchumann, institiúidí oideachais, eagraíochtaí gnó, pobail chreidimh agus ár bpobail nua ag teastáil. D'fhéadfadh a leithéid de chomhghuaillíocht cion suntasach a dhéanamh leis an athmhuintearas agus an cneasú a fheabhsú trí thionscadail phraiticiúla a fhorbairt, an rannpháirtíocht a uasmhéadú agus dioscúrsa nua a bhreathnaíonn chun tosaigh a mhúnlú.

Creideann Sinn Féin go mbeidh príomhról ag an bPainéal Dlúth Sibhialta Comhairleach a comhaontaíodh i gComhaontú an Túis Úir (2016) ag múnlú agus ag cur bonn eolais ar fáil le haghaidh smaointeoireachta ar athmhuintearais laistigh den Fheidhmeannas roinnt cumhachta. Tá sé ríthábhachtach, mar sin, go dtugann an painéal chun tosaigh smaointeoireacht chruthaitheach agus nuálach a bhreathnaíonn ar an bhféidearthacht claochlaithe a d'fhéadfadh bheith ag fóram sibhialta ag feabhsú an athmhuintearais agus an chneasaithe.

Leis an athmhuintearas a fheabhsú:

- » Tá Sinn Féin go hiomlán tiomanta a chinntiú go n-imríonn an Tionól sa Tuaisceart agus an Feidhmeannas roinnte cumhachta ról ceannasach ag cur chun cinn an athmhuintearais;
- » Tá Sinn Féin tiomanta a chinntiú go bhfuil gach roinn rialtais, comhairle dúiche agus contae agus eagrais poiblí ina n-eiseamláir agus go bhfuil fócas athmhuintearais acu a bhfuil d'fhianaise air a tiomantais don chomhionannais agus go ndéanann siad gach mórchinneadh beartais a phrofaíl maidir le dea-chaidreamh.
- » Tá Sinn Féin tiomanta d'uainíocht chothrom agus chothromasach gach poist sibhialta
- » Pléifidh Sinn Féin go dearfach leis an gCoimisiún ar Bhratacha, Féiniúlacht agus Traidisiún mar a rianaítear i gComhaontú an Túis Úir (2016) agus é ag féachaint le moltaí a cheapadh a phléann le cineálacha éagsúla an léirithe chultúrtha.
- » Tá Sinn féin tiomanta bheith plé le gach cuid den tsochaí le próiseas athmhuintearais cuimsitheach agus fíor a mhúnlú;
- » Tá Sinn Féin tiomanta sainmhíniú nua dlíthiúil ar an seicteachas a chomhaontú, a bheadh daingnithe sa reachtaíocht.
- » Tá Sinn Féin tiomanta Straitéis thiomnaithe Athmhuintearais a cheapadh faoi choimirce na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas.
- » Tá Sinn Féin tiomnaithe plé le rialtas na hÉireann agus rialtas na Breataine araon le moltaí a thabhairt chun tosaigh a fheabhsóidh an t-athmhuintearas;
- » Tá Sinn Féin tiomnaithe a chinntiú go spreagfaidh gach institiúid poiblí an comhoibriú agus go ndéanfaidh siad torthaí an athmhuintearais lárnach do gach breithniú beartais.
- » Tá Sinn Féin tiomnaithe Lá Athmhuintearais a cheapadh (molaimid Deireadh Seachtaine saoire bainc ag deireadh mhí na Bealtainte – seo an lárphointe idir Éirí Amach na Cásca agus Íobairt an Somme).

GEALLTANAIS SHINN FÉIN

Tá roinn príomhghníomhaíochtaí aitheanta ag Sinn Féin agus creidimid má dhéantar i gcomhar iad go gcuirfidh siad chun cinn athmhuintearas agus cneasú praiticiúil:

- » Tá Sinn Féin tiomanta tacú le comhghuaillíocht phoiblí don athmhuintearas a bhainfidh tairbhe as tacaíocht, agus a thabharfaidh chun cinn smaointe beartais a chuideoidh le dul chun cinn agus a uasmhéadóidh rannpháirtíocht;
- » Leanfaidh Sinn Féin ar aghaidh bheith samhlaíoch agus cruthaitheach agus tionscnaimh a dhéanamh a fheabhsaíonn an t-athmhuintearas agus an cneasú;
- » Geallfaidh Sinn Féin cion dearfach a dhéanamh comhchultúr cuimhneacháin a fhorbairt atá cuimsitheach, measúil agus bunaithe ar phaireacht ghradaim agus a thugann aitheantas ar gach duine a cailleadh i gcoimhlint.
- » Freagróidh Sinn Féin go dearfach ar chuirí chuig cuimhneacháin chomhroinnte mar a gcuirfidh ár láithreach le torthaí maidir le hathmhuintearas agus cneasú.

Maidir le dul i ngleic le hoidhreacht an ama atá caite:

- » Tá Sinn Féin tiomanta plé go cuimsitheach le ceist na hoidhreachta agus táimid go hiomlán tiomanta d'fheidmiú iomlán na meicníochtaí oidhreachta a rianaítear i gComhaontú Theach Stormont;
- » Tá Sinn Féin tiomanta seirbhísí ar ardchaighdeán a chur ar fáil ag an bpointe riachtanais agus a théann i ngleic le riachtanais na n-íospartach go léir;
- » Tá Sinn Féin tiomanta cur chuige atá leochaileach ó thaobh inscne de a dhaingniú i leith gach meicníochta le plé leis an am a caitheamh.
- » Tá Sinn Féin tiomanta plé go leanúnach le teaghlaigh a chaill daoine nó ina bhfuil daoine a gortaíodh go dona go fisiceach, lena n-áirítear daoine ar ghortaigh gníomhartha Poblachtacha iad nó a gortaíodh mar gheall ar ghníomhartha Poblachtacha. Tá Sinn Féin tiomanta teagmhálacha mar seo a thabhairt chun cinn le bá agus le humhlaíocht;
- » Tá Sinn Féin tiomanta an fhéidearthacht claochlaithe a bhainfeadh le comhghníomh aitheantais a fhiosrú. D'fhéadfadh a leithéid de chomhaitheantas ag gach taobh – Briotanach, Éireannach, Poblachtach agus Aontachtach – ar an ngortú agus ar an éagóir a rinne cách ar a chéile, d'fhéadfadh sé fuinneamh úr cumhachtach a chur i bPróiseas na Síochána;
- » Tá Sinn Féin tiomanta a fhiosrú conas is fearr cuimhniú ar gach íospartach den choimhlint.

Maidir le tógáil ar son an ama atá le teacht:

- » Tá Sinn Féin tiomanta a chinntiú go bhfuil gach comhairle dúiche agus contae ina heiseamláir a chuireann chun cinn dea-chaidreamh pobail, athmhuintearas agus cneasú bunaithe ar an gcomhionannas.
- » Tá Sinn Féin tiomanta d'uainíocht chothrom agus chothromasach gach poist shibhialta
- » Tá Sinn féin tiomanta bheith plé le gach cuid den tsochaí le próiseas athmhuintearais cuimsitheach agus fíor a mhúnlú;
- » Tá Sinn Féin tiomanta sainmhíniú nua dlíthiúil ar an seicteachas a chomhaontú, a bheadh daingnithe sa reachtaíocht.
- » Tá Sinn Féin tiomanta Straitéis thiomnaithe Athmhuintearais a cheapadh faoi choimirce na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas.
- » Tá Sinn Féin tiomnaithe plé le rialtas na hÉireann agus rialtas na Breataine araon le moltaí a thabhairt chun tosaigh a fheabhsóidh an t-athmhuintearas;

- » Tá Sinn Féin tiomnaithe a chinntiú go spreagfaidh gach institiúid phoiblí an comhoibriú agus go ndéanfaidh siad torthaí an athmhuintearais lárnach do gach breithniú beartais.

Chomh maith leis sin:

- » Tá Sinn Féin tiomanta an plé agus an rannpháirtíocht leis an mórshochaí a fheabhsú. Trí phlé amháin is féidir linn tuiscint níos fearr a fháil ar na faitís agus na hábhair imní atá ag daoine eile;
- » Tá Sinn Féin tiomanta an Painéal Sibhialta Comhairleach a comhaontaíodh i gComhaontú an Túis Úir (2016) a bhunú, a bheadh ina ardán leis an athmhuintearas a chur chun cinn agus a spreagadh tionscnaimh thrasphobail agus fhrithsheicteacha agus a bhainfeadh tairbhe as iarrachtaí pobal áitiúil, eagrás sibhialta, ceardchumann, institiúidí oideachais, eagraíochtaí gnó, pobail chreidimh agus ár bpobal nua;
- » Tá Sinn Féin tiomanta plé le sciúirse an tseicteachais agus deighilt agus idirscaradh daingean an phobail agus deighilt sa chuid thuaisceartach den oileán;
- » Tá Sinn Féin tiomanta siombail nua athmhuintearais a chruthú agus aithnímid gach duine ón oileán seo a fuair bás i gcogaí agus i gcathanna ar an oileán seo agus thar lear;
- » Tá Sinn Féin tiomanta cairt fhrithsheicteach a chruthú;
- » Tá Sinn Féin tiomanta an straitéis Pobal Níos Fearr a Thógáil le Chéile a fheidhmiú go hiomlán agus éilímid na meicníochtaí seachadta a bheith fréamhaithe i mbearta le muinín an phobail a thógáil a bhfuil d'aidhm acu baint as faoin seicteachas san fhadtearma;
- » Tá Sinn Féin tiomanta Bille Ceart a fhorbairt a sheasann le ceart gach saoránach maireachtáil gan chineál ar bith de chiapadh seicteach, de bhíogóideacht agus d'éadulaingt;
- » Tá Sinn Féin tiomanta reachtaíocht fhrithsheicteachais a fhorbairt sa Tuaisceart ina bhfuil forálacha láidre san áireamh a bhaineann le spreagadh fuatha.

